Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/2519

24.9.2024

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2519 ÓN gCOMHAIRLE

## an 23 Meán Fómhair 2024

## lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 ón gComhairle an 18 Eanáir 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 442/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 32 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Eanáir 2012, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 36/2012.

(2) Tar éis an bhreithiúnais ón gCúirt Ghinearálta i gCás T-209/22 ([2]), ba cheart iontráil amháin a scriosadh ó liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

Z. FELDMAN

([1]) IO L 16, 19.1.2012, lch. 1.
([2]) Breithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Naoú Dlísheomra Méadaithe) an 17 Iúil 2024 – *Shahla Makhlouf v Comhairle an Aontais Eorpaigh*, T-209/22, ECLI:EU:T:2024:498.

*IARSCRÍBHINN*

Scriostar an iontráil seo a leanas ón liosta a leagtar amach i Roinn A ('Daoine') d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012:

'320. Shalaa Mohammed MAKHLOUF'.